



An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2023
(OR. en)

9544/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2008/0140(CNS)

SOC 326
ANTIDISCRIM 52
MI 422
JAI 643
FREMP 152

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Treoir maidir le cóir chomhionann (Airteagal 19) - <i>Díospóireacht bheartais</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar ullmhúchán don díospóireacht bheartais ar an ábhar thuasluaite ag Comhairle EPSCO an 12 Meitheamh 2023.

Treoir maidir le cóir chomhionann (Airteagal 19)*Díospóireacht bheartais*

Tá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna na hurraime ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus na hurraime ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is é is aidhm don Aontas an tsíocháin, a chuid luachanna agus dea-bhail a chuid pobal a chur chun cinn. Ina theannta sin, déanfaidh an tAontas, i measc nithe eile, an t-idirdhealú a chomhrac. Le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, toirmisctear aon idirdhealú, bíodh an t-idirdhealú sin bunaithe ar aon fhoras, mar shampla inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

Tá reachtaíocht glactha cheana ag an gComhairle chun idirdhealú bunaithe ar na forais a luaitear in Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a thoirmeasc, eadhon, gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh¹. Faoi na teoracha atá ann cheana, tá cosc ar idirdhealú cheana féin i réimse na fostaíochta ar na forais sin go léir. Tá cosc ar idirdhealú sa réimse lasmuigh den fhostaíocht ar bhonn gnéis agus tionscnaimh eitnigh nó chiníoch cheana féin faoi threoracha atá ann cheana. Mar sin féin, níor baineadh amach an leibhéal céanna cosanta go fóill sa réimse lasmuigh den fhostaíocht a mhéid a bhaineann le hidirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonta.

De réir an Eorabharaiméadair Speisialta is déanaí maidir le hidirdhealú, rinneadh idirdhealú ar 17 % de dhaoine san Aontas Eorpach².

¹ Féach, go háirithe, Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE ón gComhairle. Féach freisin Treoir 2006/54/CE.

² An Coimisiún Eorpach, Eorabharaiméadar Speisialta 493: Idirdhealú san Aontas (lena n-áirítear LGBTI), 2019.

Tá an staid éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. Tá grúpaí áirithe, go háirithe mionlaigh, i mbaol níos mó idirdhealaithe ná grúpaí eile. Cé go bhfuil *mionlaigh laistigh de mhionlaigh* i mbaol go háirithe, níor cumhdaíodh idirdhealú trasnach go fóill leis an reachtaíocht náisiúnta i bhformhór na mBallstát. Idir an dá linn, is eol go mbíonn tionchar diúltach eacnamaíoch ag an idirdhealú, lena n-áirítear caillteanas OTI agus caillteanas in ioncam cánach, agus costais mhéadaithe a bhaineann le cúram sláinte agus le seirbhísí eile.

Fadhb fhorleathan is ea tearcthuairisciú ar idirdhealú, a bhaineann leis an leibhéal míchothrom cosanta chomh maith le heaspa feasachta. Is féidir le bearnaí sa reachtaíocht agus cur chun feidhme neamhéifeachtach na ndlíthe atá ann cheana a thabhairt le tuiscint fiú go nglactar le cineálacha áirithe idirdhealaithe, agus ós rud é gur minic a dhéantar idirdhealú gan phionós, spreagtar saoirse ó phionós.

Ní chreideann ach mionlach de shaoránaigh an Aontais go bhfuil iarrachtaí na n-údarás chun an t-idirdhealú a chomhrac ina dtír féin éifeachtach.³ Is léir go bhfuil gá le bearta nua chun na bearnaí atá ann cheana sa chosaint ar idirdhealú a dhúnadh.

An Treoir um Chóir Chomhionann atá beartaithe

An 2 Iúil 2008, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle arb é is aidhm dó an chosaint ar idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, mhíchumais, aoise nó gnéaschlaonta a leathnú go réimsí lasmuigh den fhostaíocht. Agus reachtaíocht CE atá ann cheana sa réimse sin á comhlánú, dhéanfaí, leis an treoir chothrománach um chóir chomhionann atá beartaithe, idirdhealú ar na forais thuasluaite a thoirmeasc sna réimsí seo a leanas: an chosaint shóisialta, lena n-áirítear an tslándáil shóisialta agus an cúram sláinte; an t-oideachas; agus rochtain ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht.

³ *Ibid.*

Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim an 2 Aibreán 2009⁴ faoin Nós Imeachta Comhairliúcháin. Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, tagann an togra faoi Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh anois; tá, dá bhrí sin, gá le haontoilíocht sa Chomhairle, tar éis *toiliú* a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

Ní raibh an Chomhairle in ann an aontoilíocht is gá maidir leis an togra a bhaint amach go fóill⁵.

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

1. *Cad a mheasann sibh a bheith ina bpatrúin idirdhealaithe san Aontas Eorpach agus i do Bhallstát atá coitianta agus atá ag teacht chun cinn le déanaí?*
2. *Cad ba cheart a dhéanamh chun an chaibidlíocht maidir leis an Treoir chothrománach um Chóir Chomhionann atá beartaithe a dhíbhlocáil? Cad iad na réitigh nithiúla a mholann sibh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhaineann leis na trí phríomh-shaincheist atá fós gan réiteach: deimhneacht dhlíthiúil, coimhdeacht agus na costais cur chun feidhme?*

⁴ Féach A6-0149/2009. Cheap an Pharlaimint reatha Alice Kuhnke (SE/na Glasaigh/SCE) ina rapóirtéir.

⁵ Féach 9043/23.